eti

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -

*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

CHARTER MARK
CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Tuairisc ar Chigireacht Leantach

## Naíscoil Bheann Mhadagáin
## Béal Feirste

## Dáta na Cigireachta: Meitheamh 2008

**TUAIRISC AR AN DARA CIGIREACHT LEANTACH I NAÍSCOIL BHEANN MHADAGÁIN, BÉAL FEIRSTE, BT14 6HP (1BB-0016)**

Sa chigireacht bhunaidh a rinneadh ar Naíscoil Bheann Mhadagáin, Béal Feirste, i mBealtaine 2006 tugadh aird ar leith ar na láidreachtaí san éiteas agus sa dóigh ar úsáid an fhoireann an Ghaeilge le deiseanna foghlama a thabhairt do na páistí agus aithníodh fosta gur ghá feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- an lá a eagrú le go mbeadh tréimhsí súgartha níos faide ann gan chur isteach;
- clár súgartha fhisicigh a sholáthar a mbeadh tuilleadh dúshlán agus dul chun cinn ann; agus
- eagar éifeachtach a chur ar na grúpsheisiúin scéalaíochta agus rannaíochta.

Sa chigireacht leantach i bhFeabhra 2008 rinneadh léiriú agus tuairisciú ar an mheath a bhí i ndiaidh teacht ar chaighdeán an tsoláthair oideachais agus nochtadh imní faoina ísle a bhí an líon ar an rolla. Tuairiscíodh fosta go raibh roinnt saineolaithe oideachais luath-óige agus ball foirne fostaithe ar a seal i ndiaidh a chéile agus go raibh ceannaire feidhmeach i mbun na Naíscoile i rith bhunús na bliana. Cé gur luadh sa tuairisc go ndearnadh roinnt feabhsúchán a chuaigh i bhfeidhm ar obair na Naíscoile, cuireadh in iúl go láidir gur bocht a bhí an soláthar oideachais san iomlán, agus dá bharr sin, nár chreid an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (an Chigireacht) go raibh an cheannaireacht agus an bhainistíocht a bhí ann i gcumas an feabhsúchán buan, a bhí riachtanach, a thabhairt i gcrích.

Tráth na cigireachta leantaí reatha i Meitheamh 2008 bhí 15 páistí ar rolla na Naíscoile; tá seachtar de na páistí sa bliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile agus tá an chuid eile sa bhliain réamhscoile roimpi sin arís. Tá líon na bpáistí réamhscoile atá ar an rolla faoi láthair faoi bhun an íosmhéid is riachtanach do na hionaid sin atá á maoiniú mar chuid den Chlár Méadaithe Oideachais Réamhscoile.

**San idirlinn, ó bhí an chéad chigireacht leantach ann, tharla na hathruithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair na scoile:**

- Is ar bhonn chomhoibritheach a tugadh faoi phlean chuimsitheach forbartha don Naíscoil a cheapadh agus a fheidhmiú agus faireachán a dhéanamh air. Thug an saineolaí oideachais luath-óige agus an grúpa bainistíochta tacaíocht níos rialta agus níos cruinne don fhoireann nua. Léiríonn na daoine a bhfuil ról acu mar bhainisteoirí agus mar cheannairí dílseacht don chuspóir go leanfar go buan le forbairt an chláir oideachais.
- Cuireadh le héifeacht fhoireann na Naíscoile nuair a ceapadh beirt bhall sealadach foirne agus duine acu ina múinteoir cáilithe.
- Tá gach duine a bhfuil baint acu leis an Naíscoil i ndiaidh cuid mhór oibre a dhéanamh leis an timpeallacht foghlama a fheabhsú go mór, taobh istigh agus taobh amuigh.

**Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a chuir an fhoireann agus an grúpa bainistíochta i bhfeidhm.**

- Fuair an fhoireann agus an grúpa bainistíochta scoth comhairle, treorach agus tacaíochta ón saineolaí oideachais luath-óige leis na feabhsúcháin a bhí riachtanach a chur i bhfeidhm.

- Tá an grúpa bainistíochta i ndiaidh tuilleadh ama agus tacaíochta a chur ar fáil don fhoireann le go mbeidh siad ag obair le chéile mar mheitheal chun forbairt a dhéanamh ar phleanáil le haghaidh an chláir oideachais agus le haghaidh córas oiriúnach le dul chun cinn na bpáistí a mheasúnú. Tá an fhoireann i ndiaidh tús maith a chur le forbairt modhanna oiriúnacha pleanála agus measúnachta.

- Is láidreacht ar leith de chuid sholáthar na Naíscoile anois iad an cur chuige tuisceanach agus an dóigh a measúnaítear agus a n-aimsítear go luath páistí a bhfuil deacrachtaí acu i ngnéithe dá gcuid foghlama.

- I rith na cuairte chonacthas a lán samplaí d'idirghníomhaíocht mhaith idir an fhoireann agus na páistí; chuir na daoine fásta le cumas smaointeoireachta agus foghlama na bpáistí agus lena gcumas sa teanga agus chuidigh siad go héifeachtach leo súgradh go socair.

- Léiríonn na páistí anois gur maith atá siad ag díriú ar nithe le linn súgartha agus gur éirigh siad níos ábalta forbairt a dhéanamh ar a gcuid smaointeoireachta; bíonn siad ag comhoibriú go réidh leis an fhoireann agus lena chéile.

- Tá clár leathan cothrom ag an Naíscoil anois agus tugann sé deiseanna foghlama idir mhaith agus shásúil do na páistí i ngach réimse den chlár réamhscoile. Eagraítear an lá lena chinntiú go gcaitear an t-am uile go héifeachtach le haghaidh foghlama. Baintear sult as na tréimhsí scéalaíochta agus rannaíochta agus roghnaítear ábhair éagsúla mar is cuí le riachtanais éagsúla na bpáistí a chur san áireamh.

**CONCLÚID**

Tá cuid mhór dul chun cinn déanta i mbunús na réimsí a bhí le feabhsú agus a aimsíodh sa chigireacht bhunaidh ach tá roinnt mionréimsí ann a bhfuil feabhsú de dhíth go fóill orthu. Tá an eagraíocht ag forbairt dianphróiseas féinmheastóireachta a mbeidh feabhsúcháin ann dá bharr.

Tá muinín anois ag an Chigireacht as cur chuige comhoibritheach na Naíscoile i ngnóthaí ceannaireachta agus bainistíochta agus as cumas na foirne tuilleadh feabhsúchán a chur i gcrích. Tá an ceannaire feidhmeach, le tacaíocht éifeachtach ón saineolaí oideachais luath-óige, i ndiaidh feabhsúcháin suntasacha a chur i gcrích i gcaighdeán an tsoláthair a bhaineann le forbairt agus foghlaim na bpáistí.

Tá an grúpa bainistíochta i ndiaidh a thuairisciú go mbeidh 17 páistí réamhscoile ar an rolla don iontráil i Meán Fómhair 2008; beidh na páistí lonnaithe in dhá shuíomh, Naíscoil Ard Eoin agus Naíscoil Bheann Mhadagáin. Beidh ar an Roinn Oideachais leanúint de bheith ag déanamh faireacháin ar an líon páistí ar rolla Naíscoil Bheann Mhadagáin lena chinntiú nach mbeidh sé faoi bhun an íosmhéid d'ochtar páistí réamhscoile atá riachtanach do na hionaid sin atá ag á maoiniú faoin Chlár Méadaithe Oideachais Réamhscoile.

Leanfaidh an Cigire Ceantair de bheith ag déanamh faireacháin ar obair na Naíscoile agus í ag buanú an dul chun cinn atá déanta aici agus ag cur leis, agus ag tabhairt faoi na réimsí eile sin atá le feabhsú.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais:  www.deni.gov.uk